


# COMHAD FÍRICÍ: FÓILLÍOCHT, TAISTEAL AGUS TURASÓIREACHT GCSE



## Aonad 2

AN TIONSCAL FÓILLÍOCHTA, TAISTIL AGUS TURASÓIREACHTA A  
CHUR CHUN CINN AGUS A CHAOMHNÚ



### Margaíocht agus an Cumasc Margaíochta

#### Torthaí Foghlama

Ba cheart do dhaltáí bheith in ann:

- tuiscint a léiriú go bhfuil baint idir margaíocht agus an táirge ceart fóillíochta, taistil agus turasóireachta a chur ar fáil do na daoine cearta san áit cheart agus an promóisean ceart in úsáid;
- eolas agus tuiscint a léiriú ar an téarma cumasc margaíochta ar a dtugtar 'na 4P' de ghnáth; agus
- tuiscint a léiriú go mbíonn eagraíochtaí fóillíochta agus turasóireachta i gcónaí ag athrú a gcumasc margaíochta lena spriocanna a bhaint amach.

## Réamhrá

Is í an aidhm atá ag eagraíochtaí Fóillíochta, Taistil agus Turasóireachta forbairt a dhéanamh ar tháirgí agus ar sheirbhísí a bheidh a gcuistiméirí ag iarraidh a úsáid. Tá réimse leathan táirgí agus seirbhísí sa tionscal lena n-áirítear saoirí, lóistín, bia, éadaí fóillíochta, níl aon deireadh leis an liosta.

Beidh eagraíochtaí atá fócasaithe ar a margadh in ann na táirgí nó na seirbhísí cearta a chur chun cinn leis na daoine cearta san áit cheart agus an promóisean ceart in úsáid acu; tugtar **Margaíocht** air seo.

## An Cumasc Margaíochta

Tugtar 'na 4P' de ghnáth ar an **Chumasc Margaíochta** mar go gcuimsíonn sé táirge; praghas; áit agus promóisean:

- Táirge: na hearraí agus na seirbhísí a chuireann eagraíocht ar fáil. Is é atá i gceist le táirge ná rud fisiciúil a n-íocann duine as agus a thugann siad leo, mar shampla, canna dí. Is téarma ginearálta é seirbhísí do gach rud eile seachas táirgí a dhíolann eagraíocht fóillíochta agus turasóireachta, mar shampla bróga a fháil ar cíos le haghaidh babhláil deich bpionna.
- Praghas: seo an méid a íocann custaiméirí as na táirgí agus na seirbhísí.
- Áit: is é atá i gceist leis seo ná suíomh na dtáirgí agus na seirbhísí.
- Promóisean: is é atá i gceist leis seo ná an dóigh a spreagann eagraíochtaí daoine lena dtáirgí agus a seirbhísí a cheannach.



Fíor 1: An Cumasc Margaíochta

Íomhá © MattZ90 | Getty Images/iStockphoto/Thinkstock

Tá sé tábhachtach a thuiscint gur coincheap dinimiciúil é an Cumasc Margaíochta a athraíonn go gasta i gcásanna airithe. Glacfaidh táirgí nua áit seantáirgí nach bhfuil chomh faiseanta céanna. Déanfaidh eagraíochtaí athbhreithniú ar phraghsanna ar bhonn rialta agus iad a athrú le freastal ar riachtanais na heagraíochta agus a custaiméirí. D'fhéadfadh an áit a bhfuil furasta ag an phobal teacht ar an táirge a athrú de réir mar a osclaíonn eagraíocht brainsí nua nó mar a bhogann sí go suíomh nua go díreach. Ní chuideoidh sé le brabúis a ghiniúint ná le sástacht chustaiméirí má chuirtear táirgí nó seirbhísí ar fáil nach bhfuil de dhíth ar chustaiméirí nó nach bhfuil ag an phraghas cheart.

Déanfaidh eagraíochtaí fóillíochta agus turasóireachta athbhreithniú ar a gcumasc margaiochta an t-am ar fad agus é a athrú de réir mar is gá lena chinntiú go mbainfidh siad a spriocanna amach. Déanfar mion-chur síos ar spriocanna eagraíochtúla i gComhad Fíricí ar leithligh. Beidh spriocanna na eagraíochta ag athrú agus iad ag brath ar an chineál eagraíochta atá ann ach d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith ina measc:

- Brabúsacht a choinneáil;
- Brabúsacht a mhéadú;
- Rannpháirtíocht a mhéadú i ngrúpa áirithe daoine nó i ngníomhaíocht áirithe;
- Stíl mhaireachtála shláintiúil a chur chun cinn;
- Sciar den mhargadh a choinneáil;
- Freastal a dhéanamh ar riachtanais an phobail áitiúil; agus
- Aghaidh a thabhairt ar dhíth shóisialta.

### Gníomhaíocht Foghlama

Seo roinnt cás-staidéar simplí le plé. Gach breac-chuntas a léamh agus na torthaí féideartha don eagraíocht i ngach cás a phlé. Moltaí féideartha a thabhairt bunaithe ar an chumasc margaiochta i ngach cás.

- Tá gníomhaire taistil ag díol crús domhanda ar long chúrsála só. Tá an gníomhaire lonnaithe in ionad siopadóireachta ar imeall baile. Tá siad ag fógairt an chrúis taobh le saoirí eile sa taispeántas fuinneoige acu. Ach, is cúis díomá iad na díolacháin go dtí seo...
- Tá feachtas promóisin ar siúl ag soláthraí gníomhaíochtaí amuigh faoin aer le haghaidh cúrsaí ailleadóireachta ar shléibhte na gCarn Gorm (*Cairngorms*) (Albain) sna 'Radio Times' (irisleabhar náisiúnta sceideal teilifíse).
- Tairgeann aerlíne ísealchostais eitiltí níos saoire Dé hAoine agus Dé Sathairn ar a suíomh gréasáin ó Bhéal Feirste go Dún Éideann nuair a bheidh Éire in Albain do Chraobh na Sé Náisiún.

Is gníomhaíocht dhinimiciúil í margaiocht a bhíonn i gcónaí ag athrú agus rachaidh treochtaí agus faisin i bhfeidhm uirthi, m.sh. imríonn an teilifís agus ceiliúráin ról tábhachtach maidir le táirgí agus seirbhísí a dhéanamh níos tarraingtí do chustaiméirí.

Bhí roinnt ceiliúrán i gceist leis an chlár teilifíse 'The Jump' ar na mallaibh. Pléigh na tairbhí féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an chlár seo agus ag na ceiliúráin a bhí ann don tionscal fóillíochta, taistil agus turasóireachta.

Tá an cumasc margaiochta nó 'na 4P' ar cheann de na coincheapa is tábhachtaí sa tionscal fóillíochta, taistil agus turasóireachta. Tá mioneolas faoi 'na 4P' le fáil sa Chomhad Fíricí: 'Na 4P' Táirge, Praghas, Áit agus Promóisean, lena n-áirítear gníomhaíochtaí Promóisin.

### Gníomhaíocht Foghlama

Ba cheart do dhaltáí eagraíocht fóillíochta, taistil nó turasóireachta a roghnú óna gceantar áitiúil.

- Déan liosta den réimse de tháirgí agus de sheirbhísí tipiciúla atá le fáil faoi láthair ina n-eagraíochta roghnaithe.
- Bain úsáid as samplaí ar leith, agus scrúdaigh an dóigh a gcuirtear iad seo chun cinn agus a gcuirtear praghas orthu don chustaiméir; ba cheart aird a dhíriú ar oiriúnacht na háite.
- Déan anailís ar an fáth a bhfuil difear idir praghsanna agus promóisean do tháirgí agus seirbhísí den chineál céanna. Déan iarracht cinneadh cén fáth a dtarlaíonn sé seo.

Chun an cumasc margaiochta a chur i bhfeidhm go rathúil, beidh eagraíochtaí éagsúla ag díriú ar ghnéithe éagsúla de 'na 4P' le freastal ar a riachtanais féin agus ar riachtanais ar leith a gcustaiméirí, m.sh. Cuirfidh soláthraí nua lóistín saoire struchtúr praghsála i bhfeidhm a thabharfaidh praghsáil a phríomhiomaitheoir san áireamh ach a chuirfidh a tháirgí agus a sheirbhísí chun cinn le béim a chur ar an ardchéimíocht a bhaineann leo siúd i gcomparáid leis an iomaíocht sin.

## Gníomhaíocht Foghlama

Pointí le Plé:

- Cad iad na príomhghnéithe eile a bhaineann le margaíocht rathúil? Ar cheart go raibh ‘na 4P’ dírithe ar an táirge nó ar an mhargadh?
- Cé chomh tábhachtach atá sé eolas a bheith agat ar na cineálacha custaiméirí a bhfuil suim acu i do tháirgí?
- Cad iad na miotais faoi mhargaíocht, an mbaineann sí go díreach le promóisean nó le fógraíocht?
- An ionann díol agus margaíocht?

### Gníomhaíochtaí Ranga

**Déan scrúdú ar thrí chás-staidéar d’iarrachtaí margaíochta mirathúla sa tionscal fóillíochta, taistil agus turasóireachta i do cheantar féin.** Ba cheart do dhaltaí athbhreithniú a dhéanamh ar na cás-staidéir faoi threoir na múinteoirí nár éirigh leo an coincheap margaíochta a chur i bhfeidhm agus a chruthaigh deacrachtaí don chustaiméir agus don eagraíocht araon. Léiríonn na cás-staidéir an tábhacht a bhaineann le coincheap na margaíochta. Ba cheart daltaí a spreagadh le hanailís a dhéanamh ar chuid de na torthaí ó gach ceann agus réitigh a mholadh. Ba cheart gach píosa oibre a chur i láthair agus TFC in úsáid.

**Fiosraigh an cumasc margaíochta atá ag dhá ionad corpacmhainne áitiúla agus bróisiúr margaíochta an dá eagraíocht in úsáid.** Ba cheart do dhaltaí bróisiúir mhargaíochta a bhailiú ó dhá ionad corpacmhainne, ceann amháin ón earnáil phríobháideach, an ceann eile ón earnáil phoiblí. Baineann siad úsáid as na bróisiúir le hiniúchadh a dhéanamh ar chumasc margaíochta na heagraíochta. Beidh sé mar thasc acu táirgí agus seirbhísí atá ar fáil a shainaithint chomh maith leis na praghsanna ar gach ceann acu, suíomh na heagraíochta agus an dóigh a gcuirtear na táirgí agus na seirbhísí sin chun cinn. D’fhéadfadh daltaí cur i láthair simplí *PowerPoint* a tháirgeadh lena dtorthaí a léiriú.

**Déan cur síos ar an dóigh a n-athraíonn eagraíocht a cumasc margaíochta lena spriocanna eagraíochtúla a bhaint amach.** Déan anailís ar na fáthanna a bhfuil praghsanna áirithe níos ísle ar tháirgí den chineál chéanna ag amanna/séasúir éagsúla. Ba chóir daltaí a spreagadh le breithiúnas a dhéanamh ar na cineálacha éagsúla táirgí atá ar fáil agus a thacaíonn le spriocanna leathana gnó na heagraíochta.

## Áiseanna

[Marketing mix – Marketing Teacher](http://www.marketingteacher.com/marketing-mix/)

[www.marketingteacher.com/marketing-mix/](http://www.marketingteacher.com/marketing-mix/)

[BBC – GCSE Bitesize: Elements of the marketing mix](http://www.bbc.co.uk)

[www.bbc.co.uk](http://www.bbc.co.uk) › Home › Business Studies › Marketing

Morris, P., Kelly, M., Douglas, S. and Fletcher, L. (2009) *GCSE Leisure and Tourism*, Heinemann

King, C., Kerr, A. and Jeffries, M. (2006) *Travel and Tourism*, Heinemann

Rickerby, S. (2009) *Leisure and Tourism*, Nelson Thornes

James, Elise., Thirlway, J. and Woodhouse, U. (2007) *Travel and Tourism*, Hodder Arnold

